

[15_01.mp3](#)

Bileog 15.1

Tá mé i mo chónaí i lár na tíre i bPort Laoise. Tá mé ag dul ó thuaidh go Béal Feirste amárach mar tá cruinniú agam ansin. Beidh mé ag teacht aduaidh ar an traein an lá dar gcionn.

Tá mo dheartháir ina chónaí i bPort Láirge agus tá sé ag teacht ar cuairt an tseachtain seo chugainn. Beidh sé ag teacht aneas ar an Luan agus ag filleadh ó dheas ar an Aoine.

Beidh mé ag dul siar go Gaillimh don deireadh seachtaine. Beidh mé ag dul siar ar an Aoine agus ag teacht aniar arís ar an Domhnach.

Tá mo dheirfiúr ag teacht anoir ó Shligeach ar feadh oíche amháin sula dtéann sí ó dheas ar cuairt chuig mo dheartháir i bPort Láirge.

Téim soir go Baile Átha Cliath go rialta.

[15_02.mp3](#)

Bileog 15.2

Clár

Á, tá mé ag súil go mór leis an tseachtain saoire atá agam i gceann seachtaine! Tá gluaisteán nua agam, bhuel seancharr atá ann, ach nua domsa, agus tá mé féin agus cara liom ag dul ó dheas go Corcaigh ar feadh cúpla lá. Is as Corcaigh í cara linn, atá ar an choláiste linn. Tá sise ag teacht linn ansin agus tá muid ag dul siar go dtí an Daingean ar feadh oíche amháin. Ní raibh mise riamh sa Daingean, agus tá mé ag súil go mór leis. Má tá an aimsir go maith b'fhéidir go rachaidh muid siar ón Daingean agus go bhfanfaidh muid sa bhrú óige i gCill Chúile. Agus ar deireadh ar fad tá muid ag bailiú linn ó thuaidh go dtí cathair Shligigh. Beidh mé spíonta ag an deireadh ach is breá liom a bheith ag tiomáint - mar sin beidh mé go breá!

[15_05.mp3](#)

Bileog 15.5

- An rachaimid go dtí an teach tábhairne anocht?
- Ba bhreá liom ach níl pingin rua agam.
- Bhuel, tar go dtí mo theachsa mar sin, tá dinnéar déanta agam agus beidh buidéal fíona anseo agam.
- Go hiontach! Beidh mé ann.

- Cad ina thaobh nach bhféachfaimis ar an scannán sin a fuair mé ar cíós inné?

- Ní dóigh liom é a chroí. Seo an t-aon tráthnóna deas atá ann an samhradh ar fad. Cad ina thaobh nach rachaimis amach ag siúil?
- Sin smaoineamh maith. Tá an ceart ar fad agat.

- Ba bhreá liom dul go dtí an Spáinn i mbliana ar laethanta saoire. Chuala mé go bhfuil Barcelona go haoibhinn ar fad. Cad is dóigh leatsa?
- Ní dóigh liom gur féidir linn a thaisce bhig, tá laethanta saoire thar lear róchostasach! Cad é faoi Bhaile Dhún na nGall?
- An bhfuil tú i ndáiríre? Á, is dócha go bhfuil an ceart agat. Is maith liom Dún na nGall.

- An rachaimid chuig ceolchoirm Amy Winehouse?
- Níl fonn orm! Ní féidir a bheith cinnte an dtiocfaidh sí.
- Is dócha. Cad faoi Emmylou Harris?
- Ba bhreá liom é sin!



OÉ Má Nuad